Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11881/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0202 (NLE)**

**ECOFIN 1009**
**UEM 359**
**FIN 1068**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 374 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 374 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 374 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 374 final

2026/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine**

2026/0202 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Eastóin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 18 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 16 Meitheamh 2023[3], an 13 Samhain 2025[4] agus an 10 Márta 2026[5].

(2) An 29 Bealtaine 2026, rinne an Eastóin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Eastóin.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Eastóin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 14 bheart.

(4) Mínigh an Eastóin go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le beart 1.4 (Athchóiriú scileanna le haghaidh chlaochlú digiteach gnólachtaí) agus

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

[2] ST 12532/21 INIT; 12532/21 ADD 1; ST 12532/21 ADD 1 COR 1; ST 12532/21 ADD 1 COR 1 REV 1.

[3] ST 9367/23 INIT; ST 9367/23 ADD 1 REV 1.

[4] ST 14442/25 INIT; ST 14442/25 ADD 1.

[5] ST 6468/26 INIT; ST 6468/26 COR1; ST 6468/26 ADD 1.

beart 6.1 (Athrú cuimsitheach ar eagrú an chúraim sláinte san Eastóin). Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Eastóin go bhfuil 12 bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach san am céanna. Baineann an méid sin le 1.1 (Claochlú digiteach i bhfiontair), 1.3 (Seirbhísí billí iompair digiteacha a fhorbairt), 1.5 (Tacú le hiomaíochas fiontar i margaí eachtracha), 2.2 (Scileanna glasa chun tacú le haistriú glas fiontar), 2.3 (Clár forbartha teicneolaíochtaí glasa), 2.4 (Nuachóiriú na samhlacha gnó i gcuideachtaí monaraíochta), 4.2 (Tacaíocht chun foirgnimh il-árasán a athchóiriú), 4.3 (Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh beag cónaithe), 4.6 (Clár chun borradh a chur faoin táirgeadh fuinnimh i limistéir thionsclaíocha), 4.7 (Clár Píolótach Stórála Fuinnimh), 5.3.a (Tarbhealaí agus críochfort Rail Baltic a thógáil), 8.3 (Táirgeadh agus glacadh bithgháis agus bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh trí earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do thrí bheart faoi thrí chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach bhfreagraíonn d'ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Meitheamh 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Eastóin. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar bheart 3.8 (Líonraí leathanbhanda fíor-ardacmhainne a thógáil), leis an tuairisc ar bheart 5.3.b (Stráice iarnróid ó Rapla go Lelle a athchóiriú) agus leis an tuairisc ar bheart 6.6 (Bearta maidir leis an margadh saothair a chur ar fáil chun dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(7) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Eastóin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna

agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(10) Is é EUR 953 380 000 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Eastóin, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine, ba cheart gurb é EUR 953 184 800 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Eastóin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

(12) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na hEastóine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*